



# Nuachtlitir

## Ghaelscoil Chnoc Liamhna

Nollaig 2020

### Glaoch Zoom le NASA

Ceann de bhuaicphointí an téarma seo ná an glaoch Zoom a bhí ag ranganna 1 – 6 le NASA. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le Robert Mac Giolla Phádraig, athair Daisy agus Robbin Nic Giolla Phádraig, a d'eagraigh agus a threoraigh an glaoch dúinn.

Bhí áthas ar na páistí agus múinteoirí araon, go raibh deis acu labhairt le duine de saineolaithe NASA. Labhair Alan Zide (eolaí agus innealtóir aeraspáis NASA) linn faoin obair a bhí idir lámhe acu. Thug sé léargas iontach dúinn ar na tionscadail atá ar siúl ag NASA i dtaobh spás taiscéalaíochta (*space exploration*) agus taighde (*research*). Tá NASA ag tabhairt aghaidh ar an ngealach arís agus tá sé beartaithe acu an chéad bhean a sheoladh ann sa bhliain 2024. Ina theannta sin tá breis taiscéalaíochta á dhéanamh acu ar Mars. (*Exploration on Mars.*)



Más mian le héinne, páistí nó daoine fásta, féachaint ar an gcruinniú Zoom arís, is féidir cliceáil ar an nasc seo ar leanas: [NASA](#)



## Innealltóir NASA faoi agallamh ag na páistí.



Bhíomar thar a bheith bródúil as **Sam Gairnéir (R6)**, **Ted Ó Bróithe (R6)**, **Daisy Nic Giolla Phádraig (R2)** agus **Robin Nic Giolla Phádraig (R1)** a cheistigh Alan faoi choinníollacha spástaisteal agus beatha ar phláinéid eile.





# Taighde ar NASA.

Bhí na páistí lán le fonn agus díograis agus iad ag obair go dian ag déanamh a gcuid taighde féin ar NASA. Tháinig siad isteach le go leor pictiúir, eolais agus tionscnaimh bunaithe ar NASA. Tá moladh mór ag dul dóibh as an obair iontach a rinne siad.



## Taighde ar NASA.

Chuir ceathrar as Rang a 4 roinnt eolais le chéile dúinn faoi NASA. Táimid ar fad inár saineolaithe ar NASA anois.

### ISOBEL

An chéad roicéad a thuirling ar an ngealach gan aon duine ann ná an Rocket Ranger IV. Dúirt daoine go mbeadh Rocket Ranger in ann dul go Jupiter ach tharla stoirm mhór agus tharraing sé isteach í!

Ba é an Apollo an chéad roicéad a chuaigh go dtí an ghealach le duine ar bord. B'iad Neil Armstrong, Buzz Aldrin agus Michael Collins a d'imigh ann.

### LUCY

Fuair mé amach go leanann an taoide an ghealach. Nuair a théann an taoide amach tá sé ag leanúint na gealaí.

Tógann sé 9 mí chun dul go Mars.

Chun traenáil do thuras chuig spás, caithfidh na spásairí dul isteach i linn snámha!

### DANIEL

Tá plean ag NASA dul ar ais go dtí an ngealach chun stáisiún a bhunú ann.

Rinne NASA roicéad darbh ainm 'Challenger'. Bhí múinteoir ann ach, faraor, phléasc sé. Fuair gach duine a bhí ar Challenger bás.

Tá satailít á chruthú ag NASA atá ag lorg pláinéad eile mar an domhain.

### CAOIMHE HAMALTÚN

POILL DHUBHA: 'Séard atá i gceist le poll dubh ná poll mór a tharraingíonn gach uile rud isteach ann, solas san áireamh. Tá thart ar 10,000,000 poll dubh i spás.





# An Nollaig.

## Máisiúcháin Nollag.

Tá ceiliúradh na Nollag faoi lán tseoil sa scoil faoi láthair. Chuir Cairde na Scoile maisiúcháin sa chlós dúinn agus tá an clós ag féachaint go hálainn. Bhí an-spraoi ag na páistí ag cur maisiúcháin ar an gcrann Nollag.



## Sióga ar an tSeilf



Tháinig cuairteoirí speisialta ar cuairt chugainn le déanaí agus feictear dúinn go bhfuil imeachtaí aisteacha ar bun sa scoil ón am a thuirling siad anseo.

Tá fillteáin oibre na bpáistí bogtha; trealaimh spóirt imithe ar strae; gan trácht ar na cupáin tae atá ólta acu i seomra na múinteoirí! Táimid ag caint ar ndóigh, faoi na sióga ar an tseilf!! Mar is léir ón grianghraf thall, is minic a bhíonn an slua sí i gcomhlúadar a chéile. Beidh siad inár measc go dtí laethanta saoire na Nollag.

Cá bhfios céard a bheidh idir láimhe acu idir an dá linn? Ach níl aon dabht ach go mbeidh an chuid dea-scéalta acu faoi pháistí na Gaelscoile le roinnt le Daidí na Nollag!!

## Cóisir na Nollag Rang 5 agus 6

Seo cur síos a rinne beirt chailíní as rang 6 ar an gcóisir a bhí acu ar scoil ar na 11ú Nollaig 2020.

### Le Aoibhín Brewer

Ar an Aoine tháinig gach duine i rang a 5 agus 6 isteach ina bpitseámaí. Tar éis am lóin d'athraíomar boird timpeall agus d'fhéachamar ar an scannán 'Home Alone'. Bhí cead againn milseán nó dhó agus blaincéad a thabhairt isteach don bhfiseán. Tar éis am lóin mhóir, nuair a tháinig muid isteach d'íth muid píotsa agus bhí rogha idir pepperoni agus margherita againn. Nuair a chríochnaíomar an píotsa d'fhéach muid ar an deireadh de Home Alone. Ina dhiaidh sin chuamar amach sa chlós. D'imir na buachaillí 'No Man's Land' agus rinne na cailíní cleachtadh do dhráma na Nollag.

### Le Aoibheann Ní Chuilinn

Bhí lá iontach spráúil ag ranganna a 5 agus 6 ar an Aoine. Tháingamar isteach lenár bpitseámaí agus d'fhéachamar ar an scannán 'Home Alone.' Bhí orainn cúig euro a thabhairt isteach chun íoc as an bpíotsa agus tugadh cuid den airgead ar mhaithe carthanachta. Bhí áthas orainn mar go raibh lá deas againn agus chabhraíomar le daoine bochta.



### Ealaín na Nollag ó Rang a 6





# Grianghraif do Mhaisiúcháin Nollag sna Ranganna

## Naíonáin Bheaga

Bhí rang na Naíonáin Bheaga ag obair go crua ag déanamh maisiúcháin Nollag sa rang.



## Crainn Nollag na Naíonáin Bheaga.





# Maisiúcháin Nollag na Naíonáin Mhóra



## Stocaí na Nollag



Bhí rang Naíonáin Mhóra ag obair go cruá ag maisiú an tseomra ranga le haghaidh na Nollag.

Rinne na páistí a gcuid stocaí Nollag féin le crochadh ar an tinteán sa seomra ranga.



## Mamaí agus Daidí na Nollag



Rinne Naíonáin Mhóra Mamaí agus Daidí na Nollag freisin.



## Maisiúcháin Nollag Rang 1 agus 2

Rinne R1 agus 2 maisiúcháin álainn ar scoil i rith na seachtaine.

Rinne R2 firíní beaga sneachta



Rinne R1 na haghaidheanna Daidí na Nollag gleoite seo.






# Maisiúcháin Nollag Rang a Ceathair agus Cúig

Dhear páistí i rang a ceathair a gcrainn Nollag féin.



Rinne siad fleasc na Nollag freisin ag úsáid a gcuid lámha.

## Rang a 5



Bhí R5 gnóthach ag maisiú a ranga freisin.





## Maisiúcháin Nollag Rang a Ceathair agus Cúig

Comhghairdeas le Helen a bhuaigh teidí mór Lindt i Supervalu Cnoc Liamhna. Tá sí chun an teidí a bhronnadh ar na páistí tinne in Ospidéal Thamhlachta. Táimid cinnte go mbeidh na páistí an sásta leis an mbronntanas seo.



Rang 1 i dteannta an Teidí.





Cé aige a bhí breithlá  
i rith na míosa seo?

Rang 1:

**Laoise Bhreathnach**

Rang 2:

**Maedhbh Ní Riain**



Rang 3:

**Molly Ní Mhurchú,**

**James Ó Maolruanaidh,**

**Ruairí Ó Duarcáin,**

**Holly Nic Giolla Chomhail,**

**Peadar de Rís.**



**Breithlá Sona Daoibh**



# Fógraí

## **Síntiús Scoile/ Voluntary Contribution**

Ba mhaith liom buíochas mhór a ghabháil le gach tuismitheoir a thug deontas don scoil go dtí seo. Tá muid ag braith ar bhur bhflaithiúlacht níos mó ná riamh mar gheall ar na costais ar fad a bhaineann le COVID. Bíonn orainn infheistíocht mhór a dhéanamh chun ábhair ghlantacháin a cheannach don scoil. Chomh maith le sin cosnaíonn sé a lán airgid an fhoirgneamh seo a choinneáil ar an bhfód agus í a choinneáil slán sábháilte do na páistí. Faoi láthair caithfimid tús áite a thabhairt don scoil seo seachas an scoil nua chun sábháilteacht na bpáistí a chinntiú.

**Tá Tuairisc na dTuismitheoirí maidir leis na gCuntais Scoile 2019** ceangailte ar an gcéad leathanach eile.

I want to sincerely thank all parents for their much needed voluntary contributions. Any amount afforded to us, however small, is greatly appreciated. This year, more than ever, we are depending on your generosity as, because of COVID, our running costs have risen substantially. There are ongoing expenses, such as the purchasing of cleaning products, as well as expenses relating to maintaining the prefabs, therefore we need to ensure we have sufficient funds to cover these costs. Our current school site is our main priority as we need to ensure the wellbeing and safety of our children and all monies we receive are put towards the running costs of the school.

Please find attached the **Parent's Information Sheet for the School's Accounts 2019** on the following page.



# Fógraí

---

**Summary Financial Statement**  
for the year ended 31st of August 2019

<b>APPENDIX B: Parents Report</b>	<b>2019</b>
	<b>€</b>
<b>INCOME</b>	
Department of Education & Skills Income	103,095
Other State Income	1,000
School Generated Income	
Rental School Property	862
Other School Generated Income	38,189
	39,051
Other Income	
Parent Voluntary Contribution	25,556
Fundraising & Donations	3,735
Parents Association	10,000
Any other income (incl. amortisation)	8,431
	47,722
	<hr/>
	190,868
	<hr/>
<b>EXPENDITURE</b>	
Education Expenditure	49,916
Repairs, Maintenance & Establishment Expenditure	62,776
Administration Expenditure	62,935
Financial Expenses	551
Depreciation	12,057
	<hr/>
	188,235
	<hr/>
Ordinary Surplus for the year	<b>2,633</b>
	<hr/>
<b>CAPITAL PROJECTS</b>	
<b>CAPITAL INCOME</b>	
Department of Education & Skills Capital Grant Income	8,885
Other Capital Income	-
	<hr/>
	8,885
	<hr/>
<b>CAPITAL EXPENDITURE</b>	
Capital Grants Expenditure	8,885
Other Capital Expenditure	-
	<hr/>
	8,885
	<hr/>
Net Capital Spend for the year	<b>-</b>



# Fógraí

## Cártaí Nollag

Ba mhaith linn iarradh ar na páistí gan cártaí Nollag a thabhairt isteach de bharr an dainséar a bhaineann le COVID a scaipeadh sa scoil. Is oth linn go gcaithfimid stop a chur leis na cártaí ach is é an rud is sábháilte é a dhéanamh ag an bpointe seo.

We would request that children not bring in Christmas cards to share with their friends due to the risk of COVID cross-contamination. It is unfortunate that we have to make this request but it is the safest thing to do at this time.

## Amanna Dul Abhaile ar an Máirt, 22ú Nollag.

Beidh na páistí ag dul abhaile thart ar 12 i.n. ar an Máirt, an 22ú Nollag. Seo ar leanas na hamanna de réir ranga:

*The children will be going home around midday on Tuesday the 22nd of December at the following staggered class-times:*

<b>Naíonáin Bheaga &amp; Naíonáin Mhóra</b>	<b>11.50 - 11.55</b>
<b>Rang 1 agus Rang a 2</b>	<b>11.55 - 12.00</b>
<b>Rang 3 agus Rang a 4</b>	<b>12.00 - 12.05</b>
<b>Rang 5 agus Rang a 6</b>	<b>12.05 - 12.10</b>

# Nollaig Shona Daoibh

ó

**Ghaelscoil Chnoc Liamhna**





# Nuachtlitir

## Ghaelscoil Chnoc Liamhna

Bíonn Cairde na Scoile an-cineálta agus cabhrach an t-am ar fad. Seo tuairisc a chur siad chugainn maidir le roinnt de na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl acu ó thuas na bliana.

### Fundraising Sept 2020 to date :

Cairde have held 2 fundraising events since September which were heavily supported by parents so we are very grateful. Bag2School clothes collection in October which was very well subscribed and generated €413 for the school with an additional contribution of 10% from Bag2School to Laura Lynn. Our Christmas Cards which generated €732. Money from both fundraisers was used to provide a number of educational and fun supports for the school including the following :

- **Donation to the school for the Aladdin Connect App**
- **Payment of the Twinkl subscription for teachers**
- **Payment to Recreate for access to arts and crafts materials throughout the school year**
- **Purchase of Spraoi Christmas annuals each child in the school received**
- **Purchase of lights for the Christmas tree and clos**
- **Purchase of sweets for the children at Hallowe'en**
- **Purchase of hand sanitizer and soap to supplement the supplies provided by the government**

The cairde also are very grateful to Killakee Tree Farm for the donation of the Christmas tree that is in the clós. Huge thanks to Luke Sparrow for organising that.

Cairde also facilitated cards to be sent to local nursing homes for Christmas.

**Rinne Cairde na Scoile infheistíocht mhór chun ábhair ghlantacháin a cheannach don scoil.**



**Féachaigí ar an líon málaí éadaí a tugadh isteach chun airgead a bhailiú don scoil agus don charthanacht Laura Lynn. Bhailigh siad €413 san iomlán.**



Bhí Luke agus Brian ag obair deireanach san oíche ag cur soilse Nollag suas agus bhí na páistí lán le sceitimíní nuair a chonaic siad na maisiúcháin gleoite an lá dár gcionn.

D'éirigh le Luke crann Nollag álainn a fháil ó Chill an Chaoich agus breathnaíonn sé go hálainn sa chlós... *despite the tree having taken a tumble after a particularly stormy night (oíche na gaoithe móire!).*



*Thankfully the tree was rescued and all is well in the Gaelscoil again!*

Tá na páistí ag obair go dian agus ag baint taitnimh as a bheith ag líonadh isteach na leabhráin bliantúla Nollag a cheannaigh Cairde na Scoile mar bhronntanais dóibh.

